# Clár Ábhar


**1. Tuarascáil ar Oibríochtaí de bhun Alt 22(3) den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013** 2

- **1.1** Ráiteas an Rialálaí 3
- **1.2** Foireann Bhainistíochta 5
- **1.3** Feidhmeanna an Rialálaí 7
- **1.4** Maoirseacht ar an Oibreoir 8
  - **1.4.1** Oibríochtaí agus Cistí an Chrannchuir Náisiúnta do Chúiseanna Maithe 11
  - **1.4.2** Cosaint Imreoirí 12
  - **1.4.3** Cumarsáid Mhargaíochta agus Fógraíocht Fhreagrach 16
  - **1.4.4** Gearáin a Fuarthas 16
  - **1.4.5** Athbhreithnithe Téamúla Comhlíonta 17
  - **1.4.6** Forfheidhmiú 17
- **1.5** Iarrataí Rialála faoin Acht agus an Ceadúnas 20
- **1.6** Ciste an Chrannchuir Náisiúnta 22
- **1.7** Forfheidhmiú Trádmharcanna 25
- **1.8** Gnóthaí Corparáideacha 26
  - **1.8.1** Straitéis 26
  - **1.8.2** Rialachas Corparáideach 27
  - **1.8.3** Acmhainní agus Soláthar Foirne 28
  - **1.8.4** Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 28
  - **1.8.5** Iniúchóireacht Inmheánach 28
  - **1.8.6** Bainistíochta Riosca 29
  - **1.8.7** Ceanglais Reachtaíochta 29

**Aguisín A**: Caighdeáin Feidhmíochta Premier Lotteries Ireland (PLI) 30

**Aguisín B**: Tuarascálacha Rialta a fuarthas ó PLI 31

**Aguisín C**: Iarrataí ar Fhaomhadh nó Toiliú faoin gCeadúnas 32

**2. Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta** – Ráitis Airgeadais agus Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste de bhun Alt 22(2) den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013 34

**3. Ciste an Chrannchuir Náisiúnta** – Ráitis Airgeadais agus Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste de bhun Alt 44(4) den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013. 62

# 1.1 Ráiteas an Rialálaí



**Carol Boate**
*Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta*

I gcomhréir le hAilt 22 agus 44 den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013, is deas liom Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta agus Ciste an Chrannchuir Náisiúnta a chur i láthair don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019.

In 2019, aistríodh €250.7 milliún ó Chiste an Chrannchuir Náisiúnta chuig an Státchiste chun tacú le Cúiseanna Maithe. Is ionann agus méadú 11.6% é seo i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo (€224.6 milliún).

Roimh an mbliain atá faoi chaibidil, aistríodh suim shonrach €16.1 milliún in Aibreán 2020 ó Chiste an Chrannchuir Náisiúnta chuig an Státchiste chun tacú le Cúiseanna Maithe.

Bhain an tsuim of €16.1 milliún le duaiseanna éagtha nár éilíodh faoin gceadúnas roimhe seo, a bhí i gCiste an Chrannchuir Náisiúnta ag dáta Thosach Feidhme an cheadúnais reatha. Rinneadh leasú ar an gCeadúnas, ar chomhaontú an Oibreora, chun an t-aistriú seo a éascú. Ba é seo an chéad leasú a rinneadh ar an gCeadúnas agus foilsíodh sonraí faoin leasú ar láithreán gréasáin Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta (ORCN).

Mar gheall ar na torthaí arb ábhar díomá iad a bhain le cleachtadh an tSiopa Rúndiamhair in 2018, rinne mé na torthaí a phoibliú in Eanáir 2019 chun feasacht a chur chun cinn i measc na miondíoltóirí agus an phobail nach bhfuil táirgí an Chrannchuir Náisiúnta le díol le leanaí. Ag an am céanna, rinne mé idirchaidreamh leis an Oibreoir lena chinntiú go ndeachthas i mbun gníomh pras le feabhas a chur ar chomhlíonadh i measc miondíoltóirí sa phríomhlimistéar seo. D'fhreagair an tOibreoir láithreach agus cuireadh fógraí nua ar scáileán digiteach in airde ar an láthair agus tugadh meabhrúcháin ardfholáirimh dá ghníomhairí miondíola. Ní ba dhéanaí in 2019, chuir an tOibreoir tús lena chlár féin siopa rúndiamhair agus chuir sé feachtas "*Think 21*" ar siúl i measc na siopaí go léir. Tugann na torthaí a baineadh amach go dtí seo le fios go bhfuil tionchar dearfach á imirt ag oideachas a chur ar mhiondíoltóirí agus feachtas Think 21 agus go bhfuil feabhas ag teacht ar chomhlíonadh ach leanann m'Oifig le hathbhreithniú a dhéanamh ar an limistéar seo oibríochtaí.

Cuireadh m'Oifig ar an eolas an 4 Samhain 2019 ar aimhrialtachtaí i dtrí chluiche scríobchárta, a bhain le ceithre phríomhdhuais a fhágáil as an áireamh. Thug mé tús áite láithreach do leasanna imreoirí agus do ghnás chluichí an Chrannchuir Náisiúnta. Bhí buairt ní b'fhairsinge orm freisin maidir leis an tionchar féideartha a d'imreofaí ar cháil an Chrannchuir Náisiúnta agus a inbhuanaitheacht fhadtéarmach.

Chuathas i ngleic leis na rudaí ar thug mé tús áite láithreach bonn dóibh nuair a d'iarr mé ar an Oibreoir an cluiche a aistarraingt a bhí á dhíol agus a ndearnadh difear dó agus cheadaigh mé Crannchur Speisialta Athbhliana chun luach na nduaiseanna nár íocadh a aisíoc le himreoirí, gan aon chostas breise a bheith le híoc ag imreoirí ná ag Ciste an Chrannchuir Náisiúnta. Ag an am céanna, chuir mé tús le scrúdú iomlán ar an méid ba chúis leis na haimhrialtachtaí agus ar cén sáruithe ar an Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013 nó ar an gCeadúnas a d'fhéadfadh tarlú. Fógraíodh an Crannchur Speisialta agus aistarraingt an chluiche scríobchárta a ndearnadh difear dó an 11 Nollaig 2019 agus ghabh an tOibreoir leithscéal le gach imreoir an Chrannchuir Náisiúnta.

I nDeireadh Fómhair 2020, ar chríochnú an scrúdaithe, d'fhoilsigh mé m'fhiosrúchán neamhspleách ar an tsaincheist. Rinneadh breithniú mionsonraithe ann seo ar chúis agus tionchar na saincheiste, na gníomhartha a rinneadh, agus na bearta atá i bhfeidhm chun cosc a chur ar atarlú.

Rinne mé an cinneadh gur sháraigh PLI an tAcht agus an Ceadúnas maidir leis na cluichí seo. Ní thugtar le fios in aon chor gur baineadh go hábhartha d'iomláine an Chrannchuir Náisiúnta nó an Chiste do Chúiseanna Maithe agus sheiceáil m'Oifig nach ndearna an tsaincheist seo difear d'aon chluichí an Chrannchuir Náisiúnta, seachas iad siúd a ainmnítear san fhiosrúchán. Táim sásta gur ghníomhaigh an tOibreoir go trédhearcach agus le dea-intinn, nár coimeádadh eolas siar, agus gur chreid foireann an Oibreora (ach bhí dul amú orthu) go raibh na cluichí á reáchtáil i gceart. Tá roinnt rialuithe nua curtha i bhfeidhm chun cosc a chur ar na hearráidí sin ag an Oibreoir tarlú arís agus lena cheadú aon saincheist atá cosúil leis seo a bhrath níos luaithe. Déileáiltear go hiomlán leis an gceist seo in Alt 1.4.6 den tuarascáil seo.

I rith 2019, deimhníodh go ndearnadh sárú ar an gCeadúnas inar theip ar an Oibreoir lógó an Chrannchuir Náisiúnta a chur san áireamh i gcónaí, faoi mar is gá a dhéanamh. Mar fhreagairt d'ordú ón Oifig seo, cheartaigh an tOibreoir formáid a phreaseisiúna le lógó an Chrannchuir Náisiúnta a chur san áireamh.

D'oibrigh mo chomhghleacaithe san oifig le chéile in 2019 chun luachanna a fhorbairt a thabharfadh treoir mhaith dúinn chun ár spriocanna straitéiseacha a chur i bhfeidhm sa timpeallacht a bhfuil athrú mear ag teacht uirthi ina n-oibrímid. Tugaim na luachanna seo faoi deara agus iad ar bun gach lá.

Ar deireadh, ba mhaith liom obair dhian agus comhthiomantas mo chomhghleacaithe san Oifig i gcaitheamh 2019 a aithint.

**Carol Boate**
**Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta**
**Eanáir 2021**

Ina theannta sin, tugann an tOibreoir tuarascálacha ráithiúla um Chosaint Imreora don Rialálaí. Soláthraítear sonraí sna tuarascálacha seo, anailís san áireamh de a rinne an tOibreoir ar chaitheamh imreora, nuair a bhain imreoirí na teorainneacha caite ar líne amach arís agus arís eile a chuir an Ceadúnas i bhfeidhm, is é sin, €75 sa lá, €300 sa tseachtain agus €900 sa mhí.

Tá cur i bhfeidhm rialuithe ar imirt ar líne faoi réir athbhreithniú buan ag an Rialálaí i dtaca le comhlíonadh an Cheadúnais agus an Achta araon agus i dtaca le héifeachtacht. Tugann an Rialálaí aird ar na rialuithe ar imirt ar líne nuair a dhéantar breithniú ar iarratais ar fhaomhadh do scéimeanna le haghaidh cluichí crannchuir a imrítear ar líne.

## Imirt faoi Aois sa Mhiondíol

Rinne an Rialálaí taighde a choimisiúnú in 2018 - an chéad taighde dá mhacasamhail in Éirinn - chun scrúdú a dhéanamh ar chomhlíonadh rialacha na hearnála miondíola a rialaíonn táirgí an Chrannchuir Náisiúnta a dhíol le daoine faoi 18 mbliana d'aois, faoi mar a leagtar amach thíos:

- Gan ticéid an Chrannchuir Náisiúnta a dhíol le daoine faoi 18 mbliana d'aois.
- Iarraidh ar aon duine ar soiléir nach bhfuil siad 18 mbliana d'aois nó níos sine chun aitheantas a sholáthar.
- An comhartha éigeantach 'Os Cionn 18 mBliana d'Aois' a thaispeáint in áit infheicthe.

**Foilsíodh an Tuarascáil ó Ipsos MRBI ar láithreán gréasáin an Rialálaí agus seo a leanas na príomhphointí**

**510**
áitreabh miondíola ar fud na tíre arna dtástáil

**27%**
Ní raibh an chomharthaíocht éigeantach "Daoine Níos Sine ná 18 mbliana d'aois" ar taispeáint sa céatadán seo áitreabh

**63%**
Cuireadh in aghaidh 63% de na ceannaigh thástála (fiafraíodh aois an duine/ nó iarradh ar aitheantas)

**6 as 10**
gceannach tástála diúltaithe.

Bunaithe ar thorthaí an taighde seo, dheimhnigh an Rialálaí nár leor an leibhéal comhlíonta san Earnáil Mhiondíola. D'fhoilsigh an Rialálaí na torthaí, in Eanáir 2019, chun feasacht a chur chun cinn i measc na miondíoltóirí agus an phobail nach bhfuil na táirgí seo le díol le leanaí.

Sholáthair na torthaí tomhas tábhachtach bonnlíne ónar féidir tionchar gníomhartha amach anseo a mheasúnú a dhéanfaidh an tOibreoir le feabhas a chur ar chomhlíonadh na miondíoltóirí sa limistéar tábhachtach seo.

Ag tráth fhoilsiú Siopa Rúndiamhair ORCN, scríobh an Rialálaí chuig an Oibreoir lena iarraidh orthu cén gníomhartha a dhéanfaidís "*chun feabhas mear agus substainteach a chur ar chomhlíonadh fhorálacha an Chóid a bhaineann le ceannach ag daoine faoi aois i measc miondíoltóirí*". Tionóladh trí chruinniú speisialta ansin leis an Oibreoir maidir leis an gceist ar leith seo, inar thug an tOibreoir le fios na bearta a rabhthas ag tabhairt fúthu mar fhreagairt do thorthaí ORCN, torthaí féin an oibreora, agus aiseolas ó mhiondíoltóirí, agus na torthaí a bhí á mbaint amach acu in 2019.

- Chuir an tOibreoir tús, díreach i ndiaidh gur foilsíodh tuarascáil Siopa Rúndiamhair ORCN, le plean cumarsáide miondíola: a mheabhraigh do mhiondíoltóirí chun a gcomharthaíocht 18+ a chur ar taispeáint agus a mheabhraigh dóibh an fhreagracht atá orthu gan díol le mionaoisigh trí chainéil éagsúla, agus teachtaireacht Daoine Níos Sine ná 18 mBliana d'Aois a chur ar taispeáint ar na 2,000 scáileán digiteach i siopaí timpeall na tíre.
- Thug an tOibreoir faoina fheachtais féin siopa rúndiamhair, agus cuireadh tús leo i mBealtaine 2019, mar seo a leanas.

| Tréimhse an Fheachtais | Dáta Tosaigh | Dáta Críochnaithe | Líon na Miondíoltóirí |
|---|---|---|---|
| H1 2019 | 04-Bea-19 | 07-Mei-19 | 510 |
| H2 2019 | 12-DF19 | 30-Sam-19 | 850 |
| H1 2020 | 05-Már-20 | 26-Aib-20 | 438* |

* Tháinig laghdú ar líonta na miondíoltóirí mar gheall ar phaindéim COVID-19.

- Tugtar aiseolas do na gníomhairí miondíola go léir a dtugtar cuairt orthu faoina fheabhas ar éirigh leo. Rinneadh cineál agus uainiú an aiseolais seo a thugtar do mhiondíoltóirí a choigeartú mar fhreagairt d'aiseolas a tugadh do PLI a fuarthas ó mhiondíoltóirí faoin bpróiseas. Gearrtar pionós ar ghníomhairí miondíola a dteipeann orthu i bhfeachtas siopa rúndiamhair trí bheartas comhlíonta miondíola an Oibreora agus cuirtear iad sa chéad siopa rúndiamhair eile go huathoibríoch.
- Thug an tOibreoir an feachtas *"Think 21"* isteach i measc miondíoltóirí ar fud a ghníomhairí miondíola. B'éard a bhain leis seo: teachtaireachtaí spárálaí scáileáin maidir le Think 21 ag teacht aníos ar thromlach na dteirminéal crannchuir nuair a ceannaíodh ticéid, athoiliúint a chur ar ghníomhairí miondíola chun caitheamh le táirgí crannchuir cosúil leis an mbealach a chaitear le táirgí eile ar a bhfuil srianadh aoise, agus treoir shimplí ghrafaic faisnéise maidir lena bheartas comhlíonta miondíola a sheoladh chuig gach úinéir/bainisteoir siopa.

Tugann na torthaí a baineadh amach sa dara feachtas siopa rúndiamhair i nDeireadh Fómhair 2019 le fios go bhfuil tionchar dearfach á imirt ag oideachas a chur ar mhiondíoltóirí agus feachtas Think 21 agus go bhfuil feabhas ag teacht ar chomhlíonadh. Bheartaigh an tOibreoir chun tabhairt faoi dhá fheachtas bhreise siopa rúndiamhair ar a mhacasamhail de scála in 2020 agus arís eile in 2021 go leanúnach. B'fhéidir nach mbainfear seo amach mar gheall ar COVID-19 ach tugadh faoi fheachtas in 2020, cé go raibh sé ar scála níos lú. Cuirfear sampla fánach de ghníomhairí miondíola ar tugadh cuairt orthu roimhe seo san áireamh i ngach feachtas, chun go ndéantar an measúnú go leanúnach, agus é ina aidhm measúnú a bheith déanta ar gach gníomhaire miondíola faoi dheireadh 2021.

Leanann an Rialálaí le monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus tionscnaimh an Oibreora, agus ar thorthaí a fheachtais siopa rúndiamhair, lena dheimhniú go bhfuil an tOibreoir ar a shárdhícheall chun comhlíonadh miondíola a bhaint amach nuair a bhíonn táirgí an Chrannchuir Náisiúnta á ndíol.

## Duaiseanna Scríobchárta a Fágadh as an Áireamh

D'fhoilsigh Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta an tuarascáil i nDeireadh Fómhair 2020 ar thorthaí a fiosrúcháin neamhspleách ar shaincheist a bhaineann le trí chluiche scríobchárta a oibríonn PLI, a tháinig chun solais in 2019. Foilsíodh an tuarascáil mar cheist leas an phobail agus is féidir teacht air ag www.rnl.ie/publications-and-research.

Chuir an tOibreoir an Rialálaí ar an eolas an 4 Samhain 2019 ar aimhrialtachtaí i dtrí chluiche scríobchárta, a bhain le méideanna míchearta de na príomhdhuaiseanna. Thug an Rialálaí tús áite láithreach do leasanna imreoirí agus do ghnás chluichí an Chrannchuir Náisiúnta. Ba í an bhuairt níos fadtéarmaí a bhí ar an Rialálaí ná an tionchar a d'fhéadfadh an tsaincheist seo imirt ar cháil an Chrannchuir Náisiúnta agus ar a inbhuanaitheacht fhadtéarmach agus ar cén bearta ba cheart a ghlacadh dá réir. Dá réir sin, seo a leanas na rudaí ar dhírigh gníomhaíochtaí an Rialálaí orthu:

- Dul i ngleic leis an gcluiche a ndearnadh difear dó a bhí fós ar díol.
- Luach na nduaiseanna a fágadh ar lár a aisíoc le himreoirí gan mhoill.
- Scrúdú iomlán ar an méid ba chúis leis na haimhrialtachtaí agus ar cén sáruithe ar an Acht nó ar an gCeadúnas a d'fhéadfadh tarlú.
- Bearta éifeachtacha chun cosc a chur ar na heasnaimh siúd tarlú arís.
- Bearta éifeachtacha chun aon saincheisteanna a bhrath níos luaithe i saolré chluiche.

Scaoil PLI sonraí faoin tsaincheist an 11 Nollaig 2019 agus d'fhógair sé *Crannchur Speisialta Athbhliana* a d'aisíocfadh luach na nduaiseanna a fágadh ar lár ar chostas breise ar bith ar na himreoirí. Chistigh an tOibreoir an t-airgead duaise go hiomlán don Chrannchur Speisialta agus cinntíodh go mbuafaí é. D'iarr an Rialálaí ar an Oibreoir chun an cluiche scríobchárta a ndearnadh difear dó a aistarraingt agus cuireadh tús le fiosrúchán lena dheimhniú an méid a tharla.

Dheimhnigh an Fiosrúchán go raibh na duaiseanna sna cluichí mícheart mar gheall ar earráid dhaonna thar ceann an Oibreora agus gur theip ar an Oibreoir na rialuithe leordhóthanacha a bheith i bhfeidhm agus chun na hearráidí siúd a shainaithint agus a cheartú. Anuas air sin, rinneadh ráitis earráideacha faoin méid príomhdhuaiseanna a bhí ar fáil sna cluichí seo ar láithreán gréasáin an Chrannchuir Náisiúnta mar gheall ar theip ar rialuithe leordhóthanacha a bheith i bhfeidhm.

Tá an Rialálaí sásta, i ndiaidh fiosrúchán fairsing a dhéanamh, gur ghníomhaigh an tOibreoir go trédhearcach agus le dea-intinn, nár coimeádadh eolas siar ón Rialálaí, agus gur chreid foireann an Oibreora (ach bhí dul amú orthu) go raibh na cluichí á reáchtáil i gceart. Leanadh le cluiche amháin a dhíol i ndiaidh gur thángthas ar na hearráidí mar gheall gur ceapadh i dtosach nach bhféadfaí na duaiseanna a fágadh ar lár a aisíoc le himreoirí tríd an gcluiche sin.

Deimhníodh, i ndeireadh na dála, gur chruthaigh an mheicníocht fadhbanna agus cuireadh luach na nduaiseanna nár íocadh ar fáil, ina ionad sin, tríd a*n gCrannchur Speisialta Athbhliana* thuasluaite.

Dheimhnigh an Rialálaí gur sháraigh an tOibreoir trí fhoráil an Achta agus an Cheadúnais mar thoradh ar na hearráidí seo. Seo na chéad sáruithe a rinneadh riamh den chineál seo agus tá an méid seo a leanas i gceist leo:

- teip ar thrí chluiche crannchuir a chur ar bun i gcomhréir leis na rialacha atá i bhfeidhm
- teipeanna ar a chinntiú go raibh na ráitis maidir le cluichí fíor, agus
- teipeanna ar chóras leordhóthanach rialaithe inmheánaigh a a bheith i bhfeidhm chun dearbhú a sholáthar go raibh forálacha ábhartha an Achta agus an Cheadúnais (maidir le cluichí ina dhiaidh sin) á gcomhlíonadh.

# Aguisín C:
# Iarrataí ar Fhaomhadh nó Toiliú faoin gCeadúnas

| Dáta | Alt an Fhaofa a Theastaíonn | Eolas ar an gCluiche/an tSeirbhís | Bainteach le Cluiche | Amended/Further Info. sought | Stádas an 31 Nollaig 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Ar siúl | Iarratas Aistarraingthe | Faofa ar Deireadh | Diúltaithe ar Deireadh | Dáta an Chinnidh |
| 23/1/2019 | Alt 45 | 227 Golden 4s, Silver 5s | Tá | Tá | | | Faofa | | 19/3/2019 |
| 31/1/2019 | Alt 45 | Síneadh ar CBTanna 2019 | Tá | Tá | | | Faofa | | 28/3/2019 |
| 29/3/2019 | Alt 45 | CBT Cashword Bonus | Tá | Tá | | | Faofa | | 26/4/2019 |
| 29/3/2019 | Alt 45 | CBT Cashword Mini | Tá | Tá | | | Faofa | | 26/4/2019 |
| 29/3/2019 | Clásal 7.3 | Lorgaíodh díolúine chun Preaseisiúintí a eisiúint gan lógó | Níl | Tá | | | Faofa | Diúltaithe | 13/5/2019 |
| 29/3/2019 | Alt 45 | 239 Bingo Multiplier | Tá | Tá | | | Faofa | | 24/5/2019 |
| 3/5/2019 | Alt 45 | Euromillions Topaz | Tá | Tá | | | Faofa | | 29/8/2019 |
| 14/5/2019 | Alt 45 | 237 Christmas Countdown | Tá | Tá | | | Faofa | | 19/7/2019 |
| 14/5/2019 | Alt 45 | 235 Hampers Sweets and Treats | Tá | Tá | | | Faofa | | 19/7/2019 |
| 14/5/2019 | Alt 45 | 236 Merry Money | Tá | Tá | | | Faofa | | 19/7/2019 |
| 22/5/2019 | Alt 45 | 232 Winning Streak | Tá | Tá | | | Faofa | | 19/7/2019 |
| 31/5/2019 | Alt 45 | Christmas Millionaire Raffle (2019) | Tá | Tá | | | Faofa | | 1/10/2019 |
| 4/6/2019 | Alt 45 | CBT Lucky Numbers | Tá | Tá | | | Faofa | | 14/8/2019 |
| 4/6/2019 | Alt 45 | CBT Reel Winner | Tá | Tá | | | Faofa | | 19/7/2019 |
| 7/6/2019 | Alt 45 | Faoi rún | Tá | Tá | | Ais-tar-raingthe | Faofa | | 11/11/2019 |
| 12/6/2019 | Alt 45 | CBT Cash Bolt | Tá | Tá | | | Faofa | | 22/10/2019 |
| 18/6/2019 | Clásal 18.3 | Áitreabh BCP a Léasú | Níl | Tá | | | Faofa | | 19/7/2019 |
| 20/6/2019 | Alt 45 | Smart Play | Tá | Tá | | | Faofa | | 23/12/2019 |
| 24/6/2019 | Alt 45 | Rialacha Ginearálta Cluiche | Tá | Tá | | | Faofa | | 5/9/2019 |

Iarrataí a bhaineann le Cluiche

| Dáta | Alt an Fhaofa a Theastaíonn | Eolas ar an gCluiche/an tSeirbhís | Bainteach le Cluiche | Amended/Further Info. sought | Stádas an 31 Nollaig 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Ar siúl | Iarratas Aistarraingthe | Faofa ar Deireadh | Diúltaithe ar Deireadh | Dáta an Chinnidh |
| 23/8/2019 | Alt 45 | Faoi rún | Tá | Tá | | Aistar-raingthe | | | 6/12/2019 |
| 5/9/2019 | Alt 45 | CBT Cash Celebration | Tá | Tá | | | Faofa | | 17/12/2019 |
| 11/9/2019 | Clásal 18.3 | Córais Airgeadais | Níl | Tá | | | Faofa | | 25/11/2019 |
| 23/9/2019 | Clásal 9.8 | Cúiseanna Maithe - Alt Fógraíochta Físeáin | Níl | Tá | | | Faofa | | 2/10/2019 |
| 11/10/2019 | Alt 45 | CBT Far Eastern Fortune | Tá | | | | Faofa | | 8/11/2019 |
| 1/10/2019 | Alt 45 | 244 Leasú ar Shaothar Ealaíne All Cash Platinum | Tá | Tá | | | Faofa | | 15/11/2019 |
| 25/10/2019 | Alt 45 | 204 Leasú ar All Cash Spectacular | Tá | | | | Faofa | | 20/11/2019 |
| 1/11/2019 | Alt 45 | 200 Leasú ar All Cash | Tá | | | | Faofa | | 22/11/2019 |
| 4/11/2019 | Alt 45 | 236 Leasú ar Merry Money | Tá | | | | Faofa | | 22/11/2019 |
| 4/11/2019 | Alt 45 | 223 Leasú ar Congratulations | Tá | Tá | | | | Diúltaithe | 10/12/2019 |
| 12/09/2019 | Alt 45 | Crannchur Congratulations na hAthbhliana | Tá | Tá | | | Faofa | | 10/12/2019 |
| 5/11/2019 | Alt 42.2 | Leasú ar Údarú Díolacháin Mhiondíola | Níl | Tá | | | Faofa | | 16/12/2019 |
| 6/11/2019 | Alt 45 | 239 Leasú ar Bingo Multiplier | Tá | Tá | | | Faofa | | 5/12/2019 |
| 8/11/2019 | Alt 45 | Síneadh ar CBTanna 2020 | Tá | Tá | | | Faofa | | 24/12/2019 |
| 11/11/2019 | Alt 45 | 212 Leasú ar Diamond Bingo Doubler | Tá | Tá | | | Faofa | | 22/11/2019 |
| 18/11/2019 | Alt 45 | #Wanderlust | Tá | Tá | Ar siúl | | | | |
| 29/11/2019 | Clásal 9.8 | Cúiseanna Maithe - Físeán Promóisin Buaiteora | Níl | Tá | | | Faofa | | 3/12/2019 |
| 16/12/2019 | Alt 45 agus Clásal 20.6 | Leasaithe ar Rialacha Ginearálta Cluiche | Tá | Tá | Ar siúl | | | | |

Iarrataí a bhaineann le Cluiche

# An Ráiteas Rialachais agus an Ráiteas ar Fhreagrachtaí

## Tuarastal agus Sochair an Rialálaí

Seo a leanas pacáiste luach saothair an Rialálaí don tréimhse airgeadais:

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Bunphá | 111,040 | 106,017 |
| Ranníocaíochtaí pinsin fostóra | 33,312 | 31,736 |
| | **144,352** | **137,753** |

Ball é an Rialálaí de scéim pinsin Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta, agus ní sháraíonn a teidlíochtaí ina leith sin téarmaí scéim pinsin samhla na hearnála poiblí.

## Costais Sainchomhairleoireachta

Áirítear le táillí gairmiúla sna ráitis airgeadais costais sainchomhairleoireachta €109,457 (2018: €105,132), arb ionann iad agus costas na comhairle seachtraí a chuirtear ar an Rialálaí agus ní áirítear feidhmeanna “gnó mar is gnách” a seachfhoinsíodh leo.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Seirbhísí dlí | 32,849 | 34,806 |
| Comhairle cánach agus airgeadais | 3,984 | 4,011 |
| TF agus Eile | 32,052 | 34,507 |
| | **68,885** | **73,324** |

Baineann na suimeanna go léir a nochtar mar sheirbhísí dlí maidir le táillí dlí.

## Taisteal agus Cothú

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Intíre | 60 | 5 |
| Idirnáisiúnta | 1,202 | 1,919 |
| | **1,262** | **1,924** |

Íocadh €499 (2018: €1,250) den mhéid thuas maidir leis an Rialálaí. Níor íocadh aon chostais eile leis an Rialálaí.

# An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta

## don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2019

| | Nótaí | An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 | An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Ioncam | 3 | 1,508,600 | 1,501,304 |
| Costais riaracháin | 4 | (1,171,109) | (1,141,319) |
| **Barrachas oibriúcháin** | | 337,491 | 359,985 |
| Ús infhaighte | | 853 | 1,111 |
| **Barrachas don bhliain** | | **338,344** | **361,096** |
| **Tuilleamh coimeádta ag tús na bliana** | | **2,247,227** | **1,886,131** |
| **Tuilleamh coimeádta ag deireadh na bliana** | | **2,585,571** | **2,247,227** |

*Tá Nótaí 1-13 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.*

**Carol Boate**
Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta
An 18 Nollaig 2020

# An Ráiteas ar an Staid Airgeadais

## amhail an 31 Nollaig 2019

| | Nóta | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| | | | (faoi mar a athluadh - Nóta 10) |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 6 | 51,325 | 6,370 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Féichiúnaithe | 7 | 125,123 | 117,759 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | | 2,912,167 | 2,660,075 |
| | | 3,037,290 | 2,777,834 |
| **Creidiúnaithe (suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)** | | | |
| Creidiúnaithe agus fabhruithe | 8 | (503,044) | (536,977) |
| **Glansócmhainní reathas** | | 2,534,246 | 2,240,857 |
| **Sochair scoir** | | | |
| Oibleagáidí sochair scoir | 9(d) | (287,000) | (175,000) |
| Sócmhainn chistithe iarchurtha sochair scoir | 9(c) | 287,000 | 175,000 |
| **Glansócmhainní** | | **2,585,571** | **2,247,227** |
| **Arna léiriú ag** | | | |
| Tuilleamh carntha coimeádta | 11 | **2,585,571** | **2,247,227** |

*Tá Nótaí 1-13 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.*

Carol Boate

**Carol Boate**
Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta
An 18 Nollaig 2020

# Nótaí
## (atá mar chuid de na ráitis airgeadais)
### don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

## 4 | Costais Riaracháin

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Tuarastail agus costais foirne | 787,786 | 607,373 |
| Costais saothair sheachfhoinsithe | 24,343 | 153,125 |
| Táillí gairmiúla (Nóta 5) | 109,457 | 105,132 |
| Iniúchóireacht sheachtrach* | 14,200 | 15,500 |
| Iniúchóireacht inmheánach | 18,579 | 13,742 |
| Cíos, táillí seirbhíse agus cothabháil | 126,696 | 122,303 |
| Glanadh, téamh agus solas | 6,297 | 6,807 |
| Árachas | 20,476 | 18,798 |
| Taisteal agus cothú | 1,262 | 1,924 |
| Costais earcaíochta | - | 40,798 |
| Costais oiliúna agus ballraíocht | 14,017 | 9,527 |
| Soláthairtí agus trealamh oifige | 10,693 | 8,960 |
| Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide | 23,072 | 22,329 |
| Foilseacháin | 2,224 | 1,680 |
| Dímheas | 4,776 | 5,493 |
| Costais riaracháin eile | 7,231 | 7,828 |
| | **1,171,109** | **1,141,319** |

* Áirítear le hiniúchóireacht sheachtrach suim €5,700 (2018: €5,000) le haghaidh táillí iniúchta maidir le Ciste an Chrannchuir Náisiúnta.

## 5 | Táillí Gairmiúla

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Seirbhísí dlí | 32,849 | 34,806 |
| Comhairle cánach agus airgeadais | 3,984 | 4,011 |
| Caidreamh poiblí/margaíocht | 29,520 | 29,520 |
| Pinsin agus acmhainní daonna | 3,749 | 2,288 |
| TF agus Eile | 39,355 | 34,507 |
| | **109,457** | **105,132** |

# Nótaí

## (atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

### don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

## 6 | Maoin, Gléasra agus Trealamh

| | Feabhsúcháin Léasachta | Trealamh Ríomhaire | Daingneáin, Troscán agus Trealamh Oifige | Córas Guthláin | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € |
| **Costas** | | | | | |
| An 31 Nollaig 2018 | - | 30,756 | 6,856 | 4,182 | 41,794 |
| Breisiúcháin i rith na bliana | 48,839 | 892 | - | - | 49,731 |
| Diúscairtí i rith na bliana | - | (486) | - | - | (486) |
| An 31 Nollaig 2019 | 48,839 | 31,162 | 6,856 | 4,182 | 91,039 |
| **Carntha** | | | | | |
| An 31 Nollaig 2018 | - | 27,268 | 3,974 | 4,182 | 35,424 |
| Muirear don bhliain | 671 | 2,734 | 1,371 | - | 4,776 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | - | (486) | - | - | (486) |
| An 31 Nollaig 2019 | 671 | 29,516 | 5,345 | 4,182 | 39,714 |
| **Glanluach Leabhar** | | | | | |
| An 31 Nollaig 2019 | 48,168 | 1,646 | 1,511 | - | 51,325 |
| An 31 Nollaig 2018 | - | 3,488 | 2,882 | - | 6,370 |

Tá feabhsúcháin léasachta €48,839 a rinneadh a chaipitliú sa bhliain á ndímheas i rith ceithre bliana, arb é sin an tréimhse atá fós le héag faoin léas réadmhaoine go dtí Samhain 2023.

## 7 | Féichiúnaithe

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ioncam fabhraithe | 99,758 | 95,174 |
| Réamhíocaíochtaí | 24,204 | 21,479 |
| Cártaí Taistil | 1,161 | 1,106 |
| | **125,123** | **117,759** |

# Nótaí
## (atá mar chuid de na ráitis airgeadais)
## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

## 10 | Coigeartú na Bliana Roimhe Seo – Cuntasaíocht le haghaidh Sochair Scoir

### An Staid go dtí an 31 Nollaig 2018

B'amhlaidh (agus is amhlaidh) na socruithe atá i bhfeidhm maidir le sochair scoir fostaí agus a shonraítear i Nóta 9 thuas, seachas gur forordaíodh Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta mar údarás ábhartha in 2019. Rinne an Rialálaí an breithiúnas roimhe seo gur tháinig na socruithe seo laistigh den sainmhíniú ar scéim ranníocaíochta sainithe, faoi mar a shainítear in FRS102. Dá réir, rinne an Rialálaí a ranníocaíochtaí fostóra a chur i gcuntas go dtí seo i gcomhréir le forálacha an Chaighdeáin, i.e. trí chostas na ranníocaíochtaí atá iníoctha leis an scéim sa bhliain a ghearradh ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais.

### An staid le héifeacht ón 1 Eanáir 2019

Faoi mar a míníodh sa nóta maidir leis an mbeartas cuntasaíochta le haghaidh sochair scoir, agus i Nóta 9 thuas, i ndiaidh gur forordaíodh Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta mar údarás ábhartha chun críocha na Scéime Aonair, measann an Rialálaí anois go bhfuil oibleagáid iomlán, go bunúsach, ar an Oifig as dliteanais phinsin le sochar sainithe a réiteach agus go bhfuil sócmhainn chomhionann aici i bhfoirm méid infhaighte ón Státchiste. Dá réir, aithnítear oibleagáidí Oifig an Rialálaí maidir le hoibleagáidí pinsin na Scéime Aonair anois mar oibleagáid le sochar sainithe faoi fhorálacha FRS102 sa mhullach ar choigeartuithe cuí chun na ceangaltais ón Státchiste a léiriú. Caitear leis seo mar athrú ar bheartas cuntasaíochta agus tá sé ina chúis leis an ngá atá le coigeartú a dhéanamh an bhliain roimhe seo ar na méideanna a tugadh le fios roimhe seo maidir leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2018, a shonraítear mar seo a leanas:

### Leasú ar na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

Ní imríonn an t-athrú roimhe seo ar bheartas cuntasaíochta tionchar ar an Ioncam agus Caiteachas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 (nó i mblianta roimhe sin). Ní dhéantar aon choigeartuithe ar na hiarmhéideanna le haghaidh cúlchistí a tugadh anonn ó bhlianta roimhe seo amhail ón 1 Eanáir 2018. Léirítear na leasuithe seo a leanas sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018.

| | 2018<br>Mar a foilsíodh<br>€ | Gluaiseacht<br>€ | 2018<br>Athluaite<br>€ |
|---|---|---|---|
| Gnóthachain ó thaithí ar dhliteanais na scéime pinsin | nialas | 1,000 | 1,000 |
| Athrú ar thoimhdí faoi luach reatha dhliteanais na scéime pinsin | nialas | 7,000 | 7,000 |
| Coigeartuithe ar chistiú pinsin iarchurtha an Státchiste | nialas | (8,000) | (8,000) |

# Nótaí
## (atá mar chuid de na ráitis airgeadais)
### don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

Léirítear na leasuithe seo a leanas sa Chlár Comhardaithe an 31 Nollaig 2018.

| | 2018<br>Mar a foilsíodh<br>€ | Gluaiseacht<br>€ | 2018<br>Athluaite<br>€ |
|---|---|---|---|
| Oibleagáidí sochair scoir | - | (175,000) | (175,000) |
| Sócmhainn chistithe iarchurtha sochair scoir | - | 175,000 | 175,000 |

## 11 | Tuilleamh Carntha Coimeádta

| | 2019<br>€ |
|---|---|
| Ag tús na bliana | 2,247,227 |
| Barrachas don bhliain | 338,344 |
| Tuilleamh coimeádta ag deireadh na bliana | 2,585,571 |

## 12 | Ceangaltais Chaipitil

Níorbh ann d'aon cheangaltais do chaiteachas caipitiúil an 31 Nollaig 2019.

## 13 | Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta na ráitis airgeadais an 18 Nollaig 2020.

## Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

# Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí

## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

| | | 2019 | | 2018 | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Nóta | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Suimeanna a fuarthas ón oibreoir | 4 | | 557,827 | | 493,795 |
| **lúide:** | | | | | |
| Íoctha leis an oibreoir i dtaca le: | 5 | | | | |
| Duaiseanna | | 210,206 | | 196,871 | |
| Teidlíocht an Oibreora | | 82,831 | 293,037 | 73,051 | 269,922 |
| | | | 264,790 | | 223,873 |
| **lúide:** | | | | | |
| Íoctha leis an Rialálaí maidir le Tobhach an Rialálaí | 9 | | 1,504 | | 1,497 |
| | | | 263,286 | | 222,376 |
| Ús Infheistíochta Faighte/(Íoctha) | 6 | | (217) | | (325) |
| | | | 263,069 | | 222,051 |
| Aistrithe chuig an Lár-Chiste | 7 | | (250,663) | | (224,647) |
| Méadú/(Laghdú) ar Infheistíocht a aistríodh chuig/(ó) an Cúlchiste | | | **12,406** | | **(2,596)** |

## Cuntas an Chúlchiste

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 |
| Iarmhéid ar éarlais an 1 Eanáir | | 31,416 | 34,012 |
| Méadú/(Laghdú) ar Infheistíocht | | 12,406 | (2,596) |
| Iarmhéid ar éarlais an 31 Nollaig | 6 | 43,822 | 31,416 |
| **lúide:** | | | |
| An t-iarmhéid a coimeádadh maidir le duaiseanna stairiúla éagtha | 8 | (16,092) | (16,092) |
| Dliteanas do Thobhach an Rialálaí | 9 | (99) | (95) |
| Dliteanas do Dhuaiseanna agus Teidlíocht an Oibreora | 10 | (7,139) | 0 |
| An t-iarmhéid atá ar fáil lena dháileadh tríd an Lár-Chiste | 7 | **20,492** | **15,229** |

Tá Nótaí 1-12 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo

**Carol Boate**
Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta
An 22 Meitheamh 2020

